

Feasta, Bealtaine 2015

## Léirmheas ar Oileán an Órchiste Micheál Ó Ruairc

Is beag gasúr a tháinig ar an saol roimh 1980 nach mbeadh *Treasure Island* léite aige, táim ag ceapadh. Nuair a bhíos féin ag fás aníos i mo ghasúr bhíodh cóipeanna den dá leabhar *Treasure Island* le Robert Louis Stevenson agus *Robinson Crusoe* le Daniel Defoe ar fáil i gcuid mhaith tithe sa chomharsanacht. Ós rud é gur rugadh agus gur tógadh mé féin cois farraige bhíos, agus táim fós, an-cheanúil ar an dá leabhar sin. Leabhair den scoth iad, im' thuairimse, a bheireann greim ar shamhlaiocht an ghasúir ón gcéad abairt go dtí an abairt dheireanach. Clasaicigh shuthaine eachtraíochta iad nach féidir a ghlanadh den chuimhne.

Is leabhar gleoite é an leagan de *Oileán an Órchiste* atá aistrithe ag Darach Ó Scolai agus foilsithe agus maisithe go hálainn ag Leabhar Breac. Bíonn tú greamaithe ón gcéad abairt: 'Tosaíonn mo scéal nuair a bhf m'athair i mbun teach ósta an Aimiréil Benbow, agus nuair a tháinig an seanmhairnéalach chuig an teach ar dtús.'

Bhí an teach tábhairne sin thíos ar an gcé sa sráidbhaile (Bréanainn) a bhí in aice liomsa agus mé ag fás aníos! Agus d'fheicinn an seanmhairnéalach úd ag dul isteach ann nó ag teacht amach as, agus é caoch ar meisce uaireanta tráthnóntaí agus mé ar mo bhealach abhaile ón scoil. Seániascaire áitiúil agus bhí aithne agamsa air! An Captaen Billi Bones mar a ghearrfaí an ceann anuas de. Agus an teach tábhairne féin (atá fós ann, dála an scéil) bhí sé dorcha istigh ann, lán d'iascairí le héadaí dubha orthu a bhíodh ag ól rum agus pórtair, agus ag ól píopaí dubha chomh maith agus ag gearradh tobac dubh láidir le sceana faobhracha póca agus á shacadh isteach sna píopaí agus ag líonadh an aeir mórthimpeall orthu, ionas nach bhfeicfeá tada timpeall ort leis an scamall deataigh a bhíodh ag tuirlingt ar an áit de shíor.

Léas an leabhar seo san aon lá amháin. Sin rud nach ndéanaim rómhinic ar na saolta seo. Mhóthaíos go raibh ceangal éigin, bá faoi leith ag an aistritheoir leis an saothar a bhí idir lámha aige agus go raibh sé ag smaoineamh ar an óige agus é i mbun oibre. Mar is sár-aistriúchán amach is amach é seo ar shárscéal. É scríte i gcaint na ndaoine i bhfriotal simplí, dúchasach, nádúrtha. É maisithe go hálainn agus dua caite leis ag gach éinne a bhí bainteach leis. Ceannaigh agus léigh agus fill arís ar laethanta d'óige. Tá an leabhar seo níos fearr ná an bunleagan agus níos so-aimsithe. Éad orm.

Achainí amháin agam ar an údar: is fear óg fós tú — cad faoi *Robinson Crusoe* a aistriú, agus an cur chuige céanna agat? Beidh díolúine tuillte agat ansin ó aon rud eile a aistriú go Gaeilge le do bheo!